# TUARASCÁIL AR FHEIDHMÍOCHT 2017

Neamhspleách
Neamhchlaonta
Cuiditheach
Tiomanta do Shármhaitheas

Office of the Comptroller and Auditor General
Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# CLÁR NA nÁBHAR


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 3 |
| Eolas phríomhtháscairí feidhmíochta do 2017 | 4 |
| Faisnéis bhreise agus príomhthreochtaí - ó 2012 go 2017 | 10 |

## Réamhrá

Tá faisnéis ar fáil sa tuarascáil seo faoi phríomhtháscairí feidhmíochta na bliana 2017 d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi shé théama dhifriúla ag baint úsáid as meascán de mhodhanna cainníochtúla agus cáilíochtúla chun ár bhfeidhmíocht a thomhas agus a thuairisciú.  Is iad seo a leanas na téamaí

- a seachadaimid
- an tionchar a bhíonn againn
- feidhmíocht airgeadais
- foireann agus acmhainní
- forbairt acmhainní
- ranníocaíocht idirnáisiúnta.

Leagtar amach sa tuarascáil freisin faisnéis bhreise agus treochtaí le déanaí ar mhaithe le comparáid.

Tá ráiteas straitéise forbartha don tréimhse 2016-2020 agus ionchur ann ó na páirtithe leasmhara. Tá an ráiteas straitéise agus tuairimí na bpáirtithe leasmhara foilsithe ar ár láithreán gréasáin (www.audgen.gov.ie).

# Cad a CHUIRIMID AR FÁIL

**D'éirigh le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste an méid seo a leanas a chur i gcrích in 2017...**

**290** iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais

**96%** de chuntais na bliana 2016 a dheimhniú laistigh de 9 mhí ó dheireadh na bliana airgeadais, nuair a rinneadh iad a thomhas de réir luacha agus **60%** nuair a rinneadh iad a thomhas de réir méide (ba iad **95%** agus **70%** na spriocanna faoi seach)

tuairisc a sholáthar do Dháil Éireann ar thorthaí **26** scrúdú lena n-áirítear tuarascáil maidir le forbhreathnú ar chuntais na seirbhísí poiblí agus tuarascálacha speisialta ag déileáil le gné de sholáthar seirbhíse poiblí agus úsáid acmhainní poiblí

freastal ar **37** cruinniú den Choiste um Chuntais Phoiblí den **37** cruinniú a reáchtáladh san iomlán

freagra a thabhairt ar **100%** de na hiarratais ón Aire Airgeadais ar chreidmheas chun cistí a eisiúint ó Phríomh-Chiste an Státchiste sular cuireadh tús leis an tréimhse chreidmheasa

**13** ábhar a mheas a tuairiscíodh don Oifig faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014 nó ar bhonn anaithnide.

## An TIONCHAR a bhíonn againn

**Déanaimid tionchar ár gcuid oibre a mheas trínár n-idirghníomhú le comhlachtaí a iniúchadh in 2017, nuair a...**




rinneamar **42** moladh i dtuarascálacha a raibh sé d'aidhm acu dea-chleachtas agus feidhmíocht fheabhsaithe a chinntiú agus ar ghlac an comhlacht a iniúchadh le **100%** acu go hiomlán nó go páirteach



d'eisíomar tuairim shoiléir iniúchóireachta in **99%** de na ráitis airgeadais ar thrácht an Coiste um Chuntais Phoiblí orthu



tharraingíomar aird ar **47** ábhair thábhachtacha ó thaobh cuntais comhlachtaí poiblí a thuiscint agus in **65** cás ar ábhair eile a measadh a raibh tábhacht ag baint leo d'úsáideoirí na gcuntas



ionchur ar **3** thionscnamh dea-chleachtais i réimsí an rialachais chorparáideach, iniúchóireacht inmheánach agus Boird Oideachais agus Oiliúna



i gcomhfhreagras i ndiaidh iniúchóireachta tharraingíomar níos mó ná **900** ábhar anuas le lucht bainistíochta na gcomhlachtaí a ndearnadh iniúchadh orthu agus ar ghá aird a thabhairt orthu

**Déanaimid tionchar ár gcuid oibre a mheas trí chaighdeán ár gcuid oibre, i gcás...**



na n-iniúchtaí airgeadais go léir a rinneadh  i gcomhréir le caighdeáin iniúchóireachta idirnáisiúnta.

# Ár bhfeidhmíocht AIRGEADAIS

**D'éirigh le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste an méid seo a leanas a chur i gcrích in 2017...**



**clár iniúchóireachta agus tuairiscithe a chur i bhfeidhm ar chostas iomlán €11.5 milliún**



**€5.6 milliún a aisghabháil i dtáillí iniúchóireachta**



**coibhéis 147 ball foirne lánaimseartha a fhostú ar an meán ar chostas tuarastail €9.5 milliún.**

# Foireann agus acmhainní

## In 2017, …..

A chinntiú go raibh **71%** den fhoireann a sannadh chun iniúchadh airgeadais a dhéanamh ina gcuntasóirí cáilithe agus go raibh an chuid eile cáilithe go páirteach

(is cuntasóirí cáilithe iad bainisteoirí a shanntar chuig iniúchtaí airgeadais)

sannadh coibhéis **18** ball foirne lánaimseartha a bhfuil cáilíochtaí cuí acu chuig obair thuairiscithe.

cothromas inscne a chinntiú ar leibhéal an lucht bainistíochta sinsearaí agus cóimheas **53%:47%** idir mhná agus fhir i gceist

tháinig méadú **9%** ar líon na gcuntas a tarmligeadh chuig bainisteoirí sinsearacha lena ndeimhniú

ba é **2%** an meánráta neamhláithreachta de bharr breoiteachta

## Tugadh le fios i suirbhé a rinneadh ar dhearcthaí ár mball foirne ...

go raibh leibhéal ard rannpháirtíochta foirne **(75%)** agus mothúchán ginearálta folláine **(72%)** ann.

## Forbairt acmhainní

**Trí thacú le baill foirne trí oideachas agus forbairt leanúnach cinntímid go bhfuil sé ar ár gcumas an clár oibre a chur i gcrích. In 2017…..**

**caitheadh níos mó ná 17,000 uair an chloig ar chúrsaí oiliúna, staidéir ghairmiúla agus oiliúint iarchéime rud ab ionann agus 7% den am a bhí ar fáil**

**caitheadh níos mó ná €160,000 ag tacú le staidéir iarchéime agus staidéir ghairmiúla, oiliúint leanúnach forbartha agus táillí comhaltais ghairmiúil**

**bhí 37 ball foirne i mbun staidéar cuntasaíochta gairmiúil nó staidéar iarchéime**

**ceapadh 8 ball foirne ina mbaill cháilithe de chomhlachtaí cuntasaíochta gairmiúla.**

## Ár n-ionchur IDIRNÁISIÚNTA

**Ós muidne an t-iniúchóir náisiúnta don earnáil phoiblí in Éirinn, tacaímid le hoibleagáidí idirnáisiúnta...**



**trínár mballraíocht ar bhoird mhaoirseachta ar 3 chomhlacht mhóra idirnáisiúnta - boird iniúchóireachta an tSásra Cobhsaíochta Eorpaigh, bord iniúchóireachta Eurocontrol (an eagraíocht Eorpach le haghaidh sábháilteacht aerloingseoireachta) agus coiste maoirseachta OLAF (Gníomhaireacht Frith-Chalaoise an AE)**



**rannpháirtíocht i bhfóraim idirnáisiúnta a roghnaíodh le haghaidh iniúchadh poiblí san Eoraip agus ar fud an domhain.**

## Faisnéis bhreise agus príomhthreochtaí - 2012 go 2017

Tá faisnéis sna codanna seo a leanas faoi sheachadadh, bearta tionchair agus feidhmíocht airgeadais.

# Cur i bhfeidhm Cláir

## *Líon na gcuntas faoi réir iniúchóireachta*

Tá na cuntais atá le iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste leagtha síos sa dlí. I líon beag cásanna, déantar iniúchtaí le comhaontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léirítear sa tábla líon na gcuntas do thréimhsí cuntais roimhe seo mar aon le cuntais na bliana 2017 atá le hiniúchadh - tá na hiniúchtaí le críochnú an bhliain dár gcionn.

Tá laghdú tagtha ar líon na gcuntas a gcaithfear a iniúchadh tar éis na bliana airgeadais 2014 de bharr an chláir chuíchóirithe chun atheagrú, athchóiriú agus laghdú a dhéanamh ar líon na ngníomhaireachtaí. Tá 289 cuntas ann i leith na tréimhse cuntasaíochta dar críoch 2017 dlite le haghaidh iniúchta in 2018.

| | Tréimhse chuntasaíochta a críochnaíodh in | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2012** | **2013** | **2014** | **2015** | **2016** | **2017** |
| Cuntais vóta | 39 | 39 | 40 | 39 | 40 | 41 |
| Cistí rannacha | 33 | 29 | 30 | 29 | 26 | 27 |
| Aonáin airgeadais | 21 | 27 | 25 | 26 | 26 | 27 |
| Aonáin sláinte | 27 | 27 | 28 | 29 | 28 | 28 |
| Comhlachtaí Thuaidh Theas | 7 | 7 | 7 | 7 | 7 | 7 |
| Oideachas Tríú Leibhéal | 26 | 26 | 26 | 26 | 26 | 26 |
| Boird Oideachais agus Oiliúna [a] | 33 | 33 | 16 | 16 | 16 | 16 |
| Aonáin oideachais eile | 8 | 7 | 5 | 5 | 6 | 6 |
| Comhlachtaí Leathstáit [b] | 122 | 121 | 122 | 114 | 112 | 111 |
| Boird Fiontair Contae [c] | 35 | - | 35 | - | - | - |
| | **351** | **316** | **334** | **291** | **287** | **289** |

Nóta a Cónascadh Coistí Gairmoideachais (a bhí ann go dtí Meitheamh 2013) chun Boird Oideachais agus Oiliúna a dhéanamh díobh.

b Folaíonn sé seo fochuideachtaí comhlachtaí Stáit.


c Bhain cuntais deiridh na mbord le tréimhse 16 mhí dar críoch mí Aibreáin 2014.

## *Iniúchtaí a críochnaíodh*

Rud bunúsach maidir lena chinntiú go bhfuil cuntasacht éifeachtach ann maidir le húsáid cistí poiblí is ea ráitis airgeadais na gcomhlachtaí poiblí a iniúchadh agus na ráitis airgeadais sin a chur faoi bhráid an Oireachtais.

Léirítear sa ghraf líon na n-iniúchtaí a rinneadh i ngach bliain.

I gcás cuntais leithreasa ranna agus oifigí rialtais, foilsíonn an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste na cuntais de réir Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. I gcás na gcomhlachtaí poiblí eile, is ar an roinn ábhartha rialtais nó comhlacht ábhartha atá an fhreagracht as na cuntais iniúchta a chur faoi bhráid an Oireachtais nó a fhoilsiú.




## *Caighdeáin a chinntiú*

Tá caighdeán ár gcuid oibre bunaithe ar dhá phríomhphrionsabal

- caighdeáin a dhaingniú inár gcultúr agus inár gcleachtais laethúla, agus
- monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeáin agus gníomhú ar na ceachtanna atá le foghlaim.

Tá polasaithe agus próisis ar bun againn maidir le hearcaíocht, oiliúint, oideachas agus forbairt ghairmiúil leanúnach, cóid iompair, agus athbhreithnithe oibríochtúla ar obair agus ar thuairisciú iniúchóireachta airgeadais roimh fhoilsiú.

San áireamh inár gcóras rialaithe caighdeán d'iniúchtaí airgeadais, tá bearta chun monatóireacht a dhéanamh, lena n-áirítear athbhreithnithe

- ar iniúchtaí roghnaithe le linn chúrsa an iniúchta ag bainisteoir sinsearach neamhspleách ar an bhfoireann
- gach iniúchadh déanta ag comhlachtaí tráchtála ag bainisteoir sinsearach roimh dheimhniúchán
- sampla d'iniúchtaí tar éis deimhniúcháin ag athbhreithneoir seachtrach gach dhá bhliain.

Déantar na torthaí ó na hathbhreithnithe seo a mheasúnú agus a ionchorprú isteach i riachtanais oiliúna na hOifige.

## *Tráthúlacht deimhniúcháin Iniúchta*

### Cuntais deimhnithe


Déantar eochairtháscairí feidhmíochta na hOifige a thomhas trí thagairt do luach láimhdeachais, agus do líon na gcuntas.


Is é deireadh mhí Mheán Fómhair an príomhdháta tagartha mar gheall ar an riachtanas reachtúil go gcríochnófaí iniúchtaí ar chuntais an rialtais láir faoin dáta sin. Leagadh síos an sprioc le blianta beaga anuas maidir le 95% díobh a chríochnú de réir luacha agus 70% díobh de réir méide.


Chun tráthúlacht iniúchta foriomlán a chur chun cinn, tugadh tús áite do chuntais shuntasacha a dhearbhú níos luaithe. Léirítear é seo sa mhéadú atá tagtha ar thráthúlacht ó thaobh dheimhniú na gcuntas (de réir luacha) go 6 mhí tar éis dheireadh na bliana.

### Cuntais neamhdheimhnithe

Léirítear sa ghraf líon na n-iniúchtaí atá fágtha le críochnú fós (riaráistí) ag deireadh gach bliana. Tá sé sin tar éis titim go suntasach ón mbliain 2014 i leith. Foilsíonn an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuarascáil ina leagtar amach na comhlachtaí ina raibh moilleanna maidir le tuairisciú, agus na cúiseanna a bhí leis na moilleanna sin. Tá an tuarascáil is déanaí le fáil ar ár suíomh idirlín (www.audgen.gov.ie)



*Tuairiscí a gcuirtear ar fáil*


Seolann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuairiscí chuig Dáil Éireann i gcomhréir leis an dlí maidir le hábhair a bhaineann le bainistiú agus le húsáid acmhainní poiblí. Bíonn cuid mhór d'obair an Choiste um Chuntais Phoiblí bunaithe ar thuarascálacha an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Cinneann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste na topaicí atá le tuairisciú bunaithe ar roinnt critéar lena n-áirítear tábhacht an ábhair, an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ó thaobh feabhsuithe i riarachán poiblí agus an gá atá le cuntasacht phoiblí.

An sprioc ná 25 tuairisc le foilsiú sa bhliain.

Folaíodh sprioc i ráiteas straitéise na hOifige 2016–2020 maidir le cur le líon na dtuarascálacha speisialta agus tras-earnála.

**Líon na dtuarascálacha eisithe**



## Tionchar ár gcuid oibre a thomhas

### *Torthaí na n-iniúchtaí airgeadais*

Díríonn an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar dhá phríomhchúram le linn iniúchadh na ráiteas airgeadais

- *cruinneas agus iomláine* na ráiteas airgeadais,
- *rialtacht agus cuibheas* na n-idirbheart a taifeadadh sna ráitis airgeadais, agus leordhóthanacht rialachais na gcomhlachtaí poiblí, a thuairiscítear ar bhonn 'eisceachta'.

#### Tuairim iniúchóireachta cháilithe

Tugadh tuairim cháilithe do thrí thacar de ráitis airgeadais (1% de líon iomlán na gcuntas) a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais in 2017. Ba iad na cúiseanna a tugadh ná – ceisteanna a bhaineann le cuntasaíocht i leith pinsean (2) agus neamhaitheantas do shócmhainní oidhreachta.


#### Béim ar ábhar

Féadfar aird a tharraingt i deimhniú iniúchta, nuair is iomchuí, ar ábhar a bhfuil tábhacht ag baint leis do léitheoirí maidir le tuiscint na ráiteas airgeadais. Maidir le 44 tacar de ráitis airgeadais a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais in 2017, fuarthas tuarascáil iniúchóra i 47 gcás ina raibh alt ar béim ar ábhar. Bhain na hábhair le modh cuntasaíochta i gcás pinsean (38) agus le bonn cuntasaíochta gnó leantaigh.

#### Nithe suntasacha eile

Tuairiscíonn an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste trí eisceacht sna cásanna ina n-aithníonn sé idirbhearta neamhrialta ábhartha (m.sh. airgead poiblí nár cuireadh chun feidhme chun na gcríoch a bhí beartaithe) nó i gcás nach léirítear sa ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais an chaoi ar chloígh an comhlacht a ndearnadh iniúchóireacht air leis na socruithe rialachais atá leagtha amach ina chód um chleachtas rialachais. Áirítear leis sin cásanna ina raibh cúrsaí ábhartha a bhain leis an mbealach ar cuireadh gnó poiblí i gcrích. Bhí 65 cás den sórt sin sna tuarascálacha faoi iniúchtaí a rinneadh ar chuntais agus ar thrácht an Coiste um Chuntais Phoiblí orthu in 2017. Tá catagóirí tugtha sa chairt de na saincheisteanna a tháinig chun cinn.

**Nithe suntasacha eile a luadh i dtuarascálacha**




Nóta

Neamh-chomhlíonadh maidir le soláthar - bíonn an cás 'ábhartha' má dhéantar luach €500,000 nó níos mó a sholáthar in aon tréimhse chuntais amháin, is cuma cén leibhéal soláthair atá ag an chomhlacht lena mbaineann.

Áirítear le caiteachas neamh-éifeachtach caillteanais ábhartha, caiteachas nach raibh cuspóir soiléir ag baint leis, nó íocaíochtaí nach bhfuarthas aon luach uathu (amhail léasanna dochraideacha ar réadmhaoin; nó caillteanas mar gheall ar chalaois) (€100,000 nó níos mó de ghnáth).


## *Ábhair a tarraingíodh anuas le lucht bainistíochta*

Chomh maith le tuarascálacha foilsithe, cuireann iniúchtaí le luach trí chomhfhreagras i ndiaidh iniúchóireachta a eisiúint a bhfuil sé d'aidhm aige cabhrú le comhlachtaí feabhas a chur ar a rialú agus ar a mbainistiú inmheánach trí na rudaí a fuarthas amach, na moltaí a rinneadh agus deiseanna feabhsúcháin a chur in iúl dóibh.

Léirítear sa chairt na cineálacha ceisteanna a tarraingíodh anuas le comhlachtaí maidir leis an mbliain airgeadais 2016 (cuntais deimhnithe in 2017).

Tríd is tríd baineann na hábhair dá dtagraítear sa chomhfhreagras le heasnaimh i nósanna imeachta a d'fhéadfadh eagraíochtaí a fhágáil i mbaol caillteanais mura dtabharfaí aghaidh orthu, i mbaol tuairisciú airgeadais míchruinn, i mbaol neamhchomhlíontacht le nósanna imeachta iomchuí nó rialacha rialachais le haghaidh na seirbhíse poiblí.

**Líon na saincheisteanna a tarraingíodh anuas le lucht bainistíochta - cuntais a deimhníodh in 2017**



### *Tionchar mholtaí na tuarascála*

Bíonn moltaí sonracha maidir le dea-chleachtas agus feidhmíocht fheabhsaithe mar aon le freagraí an chomhlachta a ndearnadh iniúchadh air le fáil sna tuarascálacha.

Tríd is tríd ghlac na comhlachtaí a iniúchadh leis ina moltaí a rinneadh.

Tá leagtha amach sa tábla líon na moltaí a rinneadh i dtuarascálacha mar aon leis an sciar ar ghlac comhlachtaí leo.

| | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon na moltaí a foilsíodh | 70 | 48 | 68 | 63 | 46 | 42 |
| Glactha ag comhlachtaí a ndearnadh iniúchadh orthu | 61% | 90% | 88% | 92% | 83% | 93% |
| Glactha go páirteach ag comhlachtaí a ndearnadh iniúchadh orthu | 33% | 10% | 3% | 5% | 13% | 7% |

### *Dea-chleachtas*

Leagtar amach inár ráiteas straitéise ár ngealltanais chun ceannaireacht a thógáil ar thionscnaimh dea-chleachtais nó ionchur a thabhairt dóibh. Bhí trí thionscnamh shuntasacha ann in 2017

*Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna)*

D'fhreastalaíomar ar 3 cheardlann do bhaill coistí iniúchóireachta agus coistí airgeadais BOOanna, chun dea-chleachtas do na coistí seo a phlé.

*An Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit*

In 2016, d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit nuashonraithe. I gcomhairle leis an RCPA, d'fhorbraíomar treoir maidir le himpleachtaí an Chóid athbhreithnithe do ráitis airgeadais agus tuarascáil bhliantúil eintiteas. Ba é an RCPA a d'fhoilsigh an treoir agus thugamar cur i láthair air seo ag ceithre imeacht le linn 2017.

*Iniúchadh inmheánach i ranna rialtais*

Rinneamar athbhreithniú comparáideach ar ranna rialtais, agus roinneadh na torthaí leis an RCPA, Oifigigh Chuntasaíochta agus Ceannairí na Feidhme Iniúchóireachta Inmheánaí ("CFII"). Thugamar faoi idirchaidreamh iarchúraim leis an CFII maidir leis an athbhreithniú seo.

## Feidhmíocht airgeadais

Tugtar achoimre sa tábla ar na príomhshonraí airgeadais agus foirne le 6 bliana anuas.

Déantar an Oifig a mhaoiniú sa chaoi chéanna is a mhaoinítear ranna rialtais trí phróiseas na meastachán bliantúil trína bhfaomhann Dáil Éireann meastacháin fáltas agus caiteachais gach bliain agus trína dtugtar éifeacht reachtúil do na meastacháin san Acht Leithreasa bliantúil.

Tá ar gach roinn agus oifig cuntas, ar a dtugtar an cuntas leithreasa, a ullmhú ag deireadh na bliana airgeadais, ina dtuairiscítear toradh na bliana i gcomparáid leis an méid a chuir Dáil Éireann ar fáil.

Déanann gnólacht neamhspleách cuntasóirí, arna gceapadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh, iniúchadh ar chuntas leithreasa na hOifige.

Is ionann costais phárolla agus níos mó ná 80% de chostas bliantúil na hOifige. Is é an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a shocraíonn rátaí pá. Gearrtar táillí iniúchóireachta ar iniúchtaí airgeadais áirithe nuair a dheimhnítear an cuntas.

Cuirtear iniúchtaí airgeadais roghnaithe amach ar conradh. San áireamh i gcostais eile tá costais oiliúna agus forbartha, táillí comhaltais ghairmiúil, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, cóiríocht, costais dlí agus obair chomhairliúcháin ina bhfostaítear saineolaithe chun tacú le hobair tuairiscithe.

| | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ***Costais airgeadais*** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas iomlán oibriúcháin[a] | **10,350** | **10,533** | **10,513** | **11,606** | **11,165** | **11,529** |
| *a bhí comhdhéanta de* | | | | | | |
| *Costais foirne* [a b] | *8,591* | *8,634* | *8,650* | *9,334* | *8,974* | *9,504* |
| *Costais Taistil* | *444* | *439* | *415* | *452* | *517* | *549* |
| *Iniúchtaí ar conradh* | *407* | *397* | *407* | *416* | *497* | *372* |
| *Costais eile* | *908* | *1,063* | *1,041* | *1,404* | *1,177* | *1,104* |
| Táillí iniúchóireachta a bailíodh | **5,327** | **4,772** | **5,269** | **5,589** | **6,112** | **5,592** |
| **Glanchostas an Státchiste** | **5,023** | **5,761** | **5,244** | **6,017** | **5,053** | **5,937** |

Foinse: Sleachta ó chuntais leithreasa iniúchta de chuid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste - atá ar fáil ar www.audgen.gov.ie

Nóta a Léirítear costais foirne glan ar fháltais ó asbhaintí tuarastail a bhaineann le pinsin agus a choinnítear mar leithreasaí i gcabhair.

b San áireamh sna costais foirne do 2015 tá 27 tréimhse phá don chuid is mó den foireann (53 tréimhse pá i gcás na mball foirne a íoctar in aghaidh na seachtaine). I mblianta eile, bhíodh 26 thréimhse phá (52 thréimhse pá i gcás na mball foirne a íoctar in aghaidh na seachtaine).

## Foireann

### *Leibhéil foirne*

Léirítear sa tábla meánlíon na foirne atá fostaithe gach bliain bunaithe ar an gcoibhéis lánaimseartha (CLA). Is iondúil go mbíonn difríocht idir an uimhir údaraithe agus an meán a fhostaítear go hiarbhír gach bliain mar gheall ar an moill idir an dáta a imíonn baill foirne agus cur i gcrích na bpróiseas earcaíochta. Is í an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a reáchtálann an feachtas bliantúil um earcú céimithe don Oifig.


Léirítear athrúchán foirne mar líon uile na mball foirne a d'imigh i rith na bliana mar chion den mheánlíon fostaithe.

### *Seirbhísí ar conradh*

Faightear cuntasóirí cáilithe ar conradh ar bhonn gníomhaireachta ar feadh tréimhsí gearra chun bearnaí sealadacha a líonadh a tharlaíonn nuair a imíonn baill bhuana foirne.

Cuireann an Oifig iniúchtaí airgeadais roghnaithe amach ar conradh mar bhealach chun cuid den bhuaicéileamh iniúchta a shásamh agus éascú a dhéanamh ar dheimhniú tráthúil na ráiteas airgeadais. Tá comhaontú déanta le ceardchumainn na foirne obair iniúchóireachta suas go dtí 6 choibhéis lánaimseartha ar an meán a ligean amach ar conradh in aghaidh na bliana, agus méadú suas go 8 gcinn sa bhliain don tréimhse 2018–2020. Faightear gnólachtaí ar phraghas iomaíoch chun tabhairt faoin obair sin.


| | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ***Líon na mBall Foirne*** | **CLA** | **CLA** | **CLA** | **CLA** | **CLA** | **CLA** |
| Meánlíon fostaithe | 138 | 146 | 143 | 145 | 145 | 147 |
| Líon uasta na mball foirne údaraithe | 150 | 150 | 150 | 164 | 164 | 164 |
| *Mar % den líon iomlán foirne* | *92%* | *97%* | *95%* | *88%* | *88%* | *90%* |
| Ráta athrúcháin foirne | 6% | 4% | 12% | 14% | 15% | 14% |
| ***Coibhéis líon na mball foirne i gcomparáid le líon na ndaoine eile atá fostaithe*** | | | | | | |
| Baill foirne ar conradh | 5 | 6 | 4 | 7 | 8 | 9 |
| Iniúchtaí ar conradh | 7 | 7 | 7 | 7 | 6 | 5 |



## *Suirbhé timpeallachta foirne*

Thug ár bhfoireann freagra ar shuirbhé ar thimpeallacht na státseirbhíse inar lorgaíodh a dtuairimí ar réimse ceisteanna, amhail an leibhéal rannpháirtíochta, tiomantas don eagraíocht, mothúcháin i leith na folláine, agus athruithe a shárú. Leis an suirbhé seo, cuirtear ar ár gcumas uile go gcloisfí ár dtuairimí ar réimse ceisteanna, amhail an cheannaireacht, tacaíocht ghairme, caighdeáin feidhmíochta agus an fholláine.

Leagtar amach sa ghraf seo príomhthorthaí an tsuirbhé ó 2017 agus comparáid leis an suirbhé roimhe seo (2015).





## *Éagsúlacht*

Déantar ár n-earcaíocht agus ardú céime de réir an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004, agus de réir an Chóid Chleachtais arna eisiúint ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. Feidhmímid faoi chreat pholasaithe agus nósanna imeachta na státseirbhíse.

Rinneamar forbairt agus d'fhoilsíomar le déanaí ár Ráiteas Éagsúlachta, Comhionannais agus Cuimsithe agus tá sé ar fáil ag www.audgen.gov.ie

Léirítear sa ghraf an briseadh síos de réir inscne ag gach ceann de na príomhghráid san Oifig. Tá 10 gcinn de náisiúntachtaí ar fud ár luchta saothair.

Íoctar na baill foirne uile ar bhonn scálaí tuarastail bhreisíocha i leith gach gráid. Déantar gach ardú céime de bhun próisis chomórtais.



## Forbairt acmhainní

### *Foghlaim agus Forbairt*

Is cuntasóirí cáilithe iad na bainisteoirí go léir a dhéanann iniúchtaí airgeadais agus is cuntasóirí cáilithe agus daoine faoi oiliúint a bhíonn ar na foirne iniúchta.


Tá ár beartais agus ár nósanna imeachta i leith pearsanra leagtha amach lena chinntiú go mbeidh dóthain ball foirne againn a bhfuil na cumais, an inniúlacht agus an dúthracht i leith phrionsabail eiticiúla acu atá riachtanach chun scrúduithe agus iniúchtaí a dhéanamh de réir caighdeáin ghairmiúla.

Cuirtear tacaíocht airgeadais i leith cúrsaí agus scrúduithe ar fáil do bhaill foirne atá ag tabhairt faoi cháilíochtaí iarchéime agus do bhaill foirne atá ag tabhairt faoi cháilíochtaí cuntasaíochta gairmiúla.

Lena chois sin, tá an fhoireann chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí éagsúla oideachais, oiliúna agus forbartha le linn dóibh fós a bheith ag obair. Tá na sonraí faoi sin leagtha amach sa ghraf.

In 2017, rinneamar athbhreithniú ar ár gcreat inniúlachta agus ar ár gcreat foghlama agus forbartha, agus thugamar aird ar leith ar na gníomhartha forbartha d'earcaithe nua. Tá na creataí foilsithe ar ár suíomh idirlín (www.audgen.gov.ie).

**Am curtha ar fáil le haghaidh foghlaim agus forbairt**




## Freagrachtaí corparáideacha

### *Íocaíochtaí prasa*

Tá íocaíochtaí tráthúla sonraisc rialaithe ag an reachtaíocht ina bhforáiltear go n-íocfaí ús ar shonraisc bhailí atá neamhíoctha tar éis 30 lá ó iad a fháil. Chomh maith leis sin, iarrtar faoi pholasaí an Rialtais go n-íocann comhlachtaí poiblí soláthraithe taobh istigh de 15 lá ón dáta a fhaightear an sonrasc. Measaimid sonrasc a bheith faighte nuair atá sé iomlán agus nuair a bhaineann sé le hearraí agus le seirbhísí a fhoréilíodh go sonrach agus a fuarthas.

Ríomhtar ús déanach i ndáil leis an tréimhse dar tús an dáta tar éis an dáta dhlite agus dar críoch an dáta a dhéantar an íocaíocht. Ní fhéadann soláthraí íocaíochtaí úis a tharscaoileadh agus ní mór é seo a áireamh sa tsuim iníoctha do na hearraí agus seirbhísí gan éileamh a bheith déanta ag an soláthraí go n-íocfaí é.

Léirítear sa ghraf ár bhfeidhmíocht in 2017 i ndáil le tráthúlacht na n-íocaíochtaí le soláthraithe. Ba ionann comhluach €14,607 agus na híocaíochtaí a dhéantar le soláthraithe taobh amuigh den teorainn 30 lá, rud a chothaigh íocaíochtaí úis €181 agus íocaíochtaí cúitimh €540.




### *Acht na dTeangacha Oifigiúla*

Le linn 2017, rinneamar athbhreithniú ar ár scéim faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Cheadaigh an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta an scéim athbhreithnithe. Éilítear sa scéim go bhfoilseofar tuarascálacha corparáideacha na hOifige, mar aon le cuntais leithreasa ranna agus oifigí rialtais a bhfuil iniúchadh déanta orthu agus an Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí go comhuaineach i mBéarla agus i nGaeilge.

In 2017, foilsíodh gach foilseachán corparáideach go comhuaineach sa dá theanga. Foilsíodh an leagan Gaeilge de na cuntais leithreasa i roinnt cásanna tar éis an leagain Bhéarla, agus foilsíodh an leagan Gaeilge den Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí as Gaeilge roinnt seachtainí i ndiaidh fhoilsiú an leagain Bhéarla. Ní féidir na haistriúcháin ar na cuntais leithreasa agus ar an tuarascáil a chríochnú go dtí go mbíonn gach athrú déanach déanta ar na leaganacha Béarla. Táimid ag obair le comhlachtaí iniúchta chun aghaidh a thabhairt ar an scéal.

### *Nochtuithe*

Tá glactha ag an Oifig le nósanna imeachta maidir le tuairisciú de mheon macánta agus chun an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014 a fheidhmiú, trína bhféadann fostaithe ábhair imní a chur in iúl maidir le drochiompar féideartha. Ní dhearna aon bhaill foirne de chuid na hOifige ná aon duine eile aon nochtuithe leis an Oifig maidir le hobair na hOifige in 2017.

Is duine forordaithe é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoin reachtaíocht ar nochtuithe cosanta agus féadtar nochtuithe a dhéanamh leis an Oifig faoi aon ábhar a bhaineann le húsáid mhíchuí cistí agus acmhainní poiblí nó le luach ar airgead i leith eintiteas a thagann faoina chúram.

In 2017, tuairiscíodh dúinn seacht n-ábhar a tháinig chun airde na dtuairisceoirí i gcúrsa a bhfostaíochta agus a bhain le comhlachtaí faoinár gcúram. Tuairiscíodh sé cinn d'ábhair eile gan ainm, inar mhaígh na daoine a rinne an tuairisciú go bhfuair siad an fhaisnéis i gcúrsa a bhfostaíochta. I ngach cás, cuireadh na hábhair arna dtuairisciú ar aghaidh chuig an bhfoireann iniúchta chuí ionas go bhféadfaidís iad a chur san áireamh, de réir mar is iomchuí, agus obair iniúchta á pleanáil amach anseo.

## *Ídiú Fuinnimh*


In 2009, leagadh síos sprioc náisiúnta chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú faoi 20% faoi 2020. Leagadh síos sprioc 33% don earnáil phoiblí.

I dtreo dheireadh 2015, bhog an Oifig a áitreabh go dtí foirgneamh oifigí de ghrád A agus tá sé seo á roinnt le comhlachtaí eile de chuid na hearnála poiblí. Roimhe seo bhí dhá fhoirgneamh á áitiú againn – foirgneamh oidhreachta i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, agus foirgneamh oifigí ó na 1970í. Chomh maith leis sin bhí roinnt foirne iniúchóireachta againn neadaithe laistigh de ranna rialtais.

Tar éis bogadh go dtí an chóiríocht nua, thapaíomar an deis cuíchóiriú a dhéanamh ar spás trí méadú a dhéanamh ar líon na mball foirne i limistéir plean oscailte, líon na seomraí ceallacha a laghdú, líon na bhfoirne iniúchóireachta neadaithe a laghdú, agus úsáid na limistéar coiteann agus roinnt na saoráidí leis na tionóntaí eile a eagrú. Tá timpeall aon trian níos lú spáis urláir sa chóiríocht nua ná mar a bhí sna foirgnimh roimhe seo. Ag cur san áireamh an líon méadaithe ball foirne sa suíomh nua, tá an meánspás in aghaidh an duine inár n-áitreabh leath an méid a bhí sé in 2009.

Glacann an Oifig páirt sa chóras ar líne de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann chun críche tuairisciú a dhéanamh ar ár n-úsáid fuinnimh. Déantar tomhais ar fheidhmíocht le hais líon na mball foirne (coibhéis lánaimseartha). Léirítear sa ghraf, faoi 2017, go raibh éifeachtúlacht fuinnimh 24% níos lú ná an bhonnlíne, agus 0.2% níos airde ná sprioc-chonair faoileoireachta. Teastaíonn tuilleadh éifeachtúlachta chun sprioc 2020 a bhaint amach, is é sin laghdú fuinnimh 33%.

Go luath in 2018, shuiteálamar córas tomhais fuinnimh trína gcuirtear ar ár gcumas ár n-úsáid leictreachais a anailísiú ar bhealach níos mionsonraithe agus réimsí a aithint le haghaidh deiseanna eile coigilte fuinnimh.




Nóta Is de réir an KWh in aghaidh na coibhéise lánaimseartha a léirítear na figiúirí. Feidhmíonn ÚFIÉ fachtóir tiontaithe le go gcuirfí san áireamh tionchar timpeallachta na gcineálacha éagsúla fuinnimh. Tá figiúirí fuinnimh 2017 bunaithe ar léamha fuinnimh a thuairiscíonn an soláthraí fuinnimh leis an Oifig. Tá na figiúirí faoi réir fíorúchán mar chuid de phróiseas tuairiscithe ÚFIÉ. Roimhe seo tuairiscíodh úsáid fuinnimh le hais an spáis urláir áitithe agus athraíodh an bonn seo go dtí líon na mball foirne.